Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12863/22**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0298(COD)**

**SOC 521**
**EMPL 367**
**SAN 539**
**IA 146**
**CODEC 1391**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 312 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR A ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 312 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 312 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2022
SWD(2022) 312 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**[…]**

*A ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair**

{COM(2022) 489 final} - {SEC(2022) 342 final} - {SWD(2022) 310 final} - {SWD(2022) 311 final}

## A. An gá atá le beart

### Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Is í an ailse cheirde an phríomhchúis le básanna a bhaineann leis an obair san Aontas[1]. Is é is cúis léi go príomha nochtadh do shubstaintí carcanaigineacha amhail aispeist. Is substaint charcanaigineach an-chontúirteach í an aispeist agus cé nach bhfuil sí in úsáid go ginearálta san Aontas a thuilleadh , tá sí fós le haimsiú i roinnt mhaith foirgneamh níos sine. D'fhéadfadh méisitéilióma[2] agus ailse scamhóg, mar shampla, a bheith mar thoradh ar nochtadh don aispeist, agus bíonn moill idir nochtadh don aispeist agus na chéad chomharthaí de ghalar de suas le 30 bliain. As gach cineál ailse a aithnítear mar ailse cheirde sna Ballstáit, baineann 78 % díobh le haispeist[3].

An riosca maidir le nochtadh, baineann sé den chuid is mó le haispeist a láimhseáil agus le scaipeadh snáithíní aispeiste le linn oibreacha foirgníochta, cuir i gcás le linn athchóirithe agus scartála. Is féidir leis an luas a bhaineann le baint aispeiste a bheith éagsúil ó thír go tír ag brath ar aois an stoic foirgneamh agus ar na straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar an aispeist, ach mar gheall ar an ngá méadaitheach atá le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, tá méadú ag teacht ar an difear a dhéantar d'oibrithe sna Ballstáit uile. Léirítear leis an ngá sin uaillmhian an Aontais a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip chun a bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050[4]. Táthar ag súil, dá bhrí sin, go dtiocfaidh méadú ar nochtadh oibrithe don aispeist i dtíortha uile an Aontais de réir mar a théann cur chun feidhme Straitéis an Rabharta Athchóiriúcháin[5] ar aghaidh. Meastar go nochtar idir 4.1 agus 7.3 milliún oibrí don aispeist, agus 97 % díobh sin ag obair in earnáil na tógála.

San Aontas, rialaítear cosaint oibrithe ar rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist le Treoir 2009/148/CE (an Treoir maidir le hAispeist ag an Obair (AWD)). Ba é an chonclúid a baineadh as an meastóireacht dhomhain is déanaí ar AWD[6] go bhfuil AWD fós an-ábhartha agus an-éifeachtach. Ba é an chonclúid a baineadh as an staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht sin[7] go bhfuil fianaise ann chun tacú leis an teorainnluach nochta ceirde (OEL) a ísliú, chun ábharthacht agus éifeachtacht AWD a mhéadú. Leis an measúnú is déanaí ar chur chun feidhme Threoracha an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, lena gclúdaítear an tréimhse ó 2013 go 2017, tacaítear freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar

[1] Le sciar 52 %, is í an ailse cheirde an chúis is mó atá le básanna a bhaineann leis an obair san Aontas, roimh bhreoiteachtaí imshruthaithe (24 %), gortuithe (2 %) agus gach cúis eile (22 %) (sonraí 2017, lena gcumhdaítear an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (https://visualisation.osha.europa.eu/osh-costs#!/)).

[2] Is cineál ailse é méisitéilióma a fhorbraíonn ón tsraith tanaí fíocháin a chlúdaíonn go leor de na horgáin inmheánacha (ar a dtugtar an méisitéiliam).

[3] https://ec.europa.eu/eurostat/web/experimental-statistics/european-occupational-diseases-statistics

[4] https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún *Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip – ár bhfoirgnimh a ghlasú, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú* (COM(2020) 662 final).

[6] Meastóireacht *ex post* 2017 ar Threoracha an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair (SWD(2017) 10 final).

[7] *Meastóireacht ar Chur Chun Feidhme Praiticiúil Threoracha an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair i mBallstáit an Aontais*.

OEL[8]. Ina theannta sin, i mí na Samhna 2021, chomhaontaigh an Coiste Comhairleach trípháirteach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH) d'aon ghuth gur gá an OEL reatha a ísliú.

Mura ndéanfar aon bheart ar leibhéal an Aontais, agus mura gcuirtear san áireamh ach na gairmeacha sin ina dtarlaíonn nochtadh don aispeist faoi láthair, meastar go dtarlóidh 884 chás ailse atá inchurtha i leith nochtadh ceirde don aispeist[9] san Aontas sna 40 bliain amach romhainn. Tuartar freisin go bhfaighidh 707 oibrí bás de dheasca ailse atá inchurtha i leith nochtadh ceirde don aispeist le linn na tréimhse céanna. Beidh costais sláinte idir EUR 228 milliún agus EUR 438 milliún mar thoradh ar na cásanna ailse measta sin.

| Líon na n-oibrithe a nochtar | Éifeachtaí sláinte a fhaightear | Líon na gcásanna a bhfuiltear ag súil leo (2021-2061) | Líon na mbásanna a bhfuiltear ag súil leo (2021-2061) | Costais sláinte mheasta (glanluach reatha) |
|---|---|---|---|---|
| 4 100 000-<br>7 300 000 | Ailse scamhóg<br>Méisitéilióma<br>Ailse laraingeach<br>Ailse ubhagáin | 884 | 707 | EUR 228 milliún-<br>EUR 438 milliún |

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é is príomhchuspóir an tionscnaimh seo ceart oibrithe chun ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta ag an obair a dhaingniú a thuilleadh agus chun galar agus bás de thoradh ailse a bhaineann leis an obair a chosc.

Chun tacú leis an gcuspóir ginearálta sin, tabharfar faoi na cuspóirí sonracha seo a leanas leis an tionscnamh seo:

- luach an OEL faoi AWD a dhéanamh níos éifeachtaí trína thabhairt cothrom le dáta ar bhonn saineolas eolaíoch; agus
- cosaint níos aonfhoirmí agus níos fearr a bhaint amach d'oibrithe ar fud an Aontais ar aispeist.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

AWD a thabhairt cothrom le dáta chun an fhianaise eolaíoch is déanaí atá ar fáil a chur san áireamh, is bealach éifeachtach é chun a áirithiú go ndéanfaí bearta coisctheacha a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin i ngach Ballstát.

[8] Doiciméad inmheánach oibre a ghabhann le creat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair do 2021-2027 (SWD(2021) 148 final).
[9] Lena n-áirítear méisitéilióma agus ailse scamhóg, ailse laraingeach, agus ailse ubhagáin.

Ní chuirfear deireadh iomlán leis na difríochtaí idir na Ballstáit tríd an OEL faoi AWD a athbhreithniú, ach beidh comhchuibhiú níos fearr ar theorainnluachanna ar fud an Aontais mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, cabhraíonn OEL athbhreithnithe AE le cosaint níos comhchuibhithe agus níos fearr a bhaint amach d'oibrithe, agus le cothrom iomaíochta a bhaint amach do ghnólachtaí ar fud an Aontais. Is féidir le cuideachtaí atá toilteanach oibriú i roinnt Ballstát tuilleadh tairbhe a bhaint as na teorainnluachanna cuíchóirithe is infheidhme. D'fhéadfadh coigilteas a bheith mar thoradh air sin, ós rud é gur féidir réitigh choiteanna a ghlacadh ar fud saoráidí, seachas gá a bheith ann réitigh atá sonrach don láithreán a dhearadh chun ceanglais OEL éagsúla a chomhlíonadh i mBallstáit éagsúla.

Is dócha go dtabharfar dálaí níos cothroime i gcrích d'oibrithe mar thoradh ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus go laghdófar na costais chúraim sláinte a dháiltear ar bhealach níos cothroime ar fud na mBallstát.

Trí athbhreithniú a dhéanamh ar OEL an Aontais, cuirtear deireadh leis an ngá atá ann do na Ballstáit a n-anailís eolaíoch féin a dhéanamh, agus is dócha go mbainfear coigiltis shuntasacha amach maidir le costais riaracháin. Ní féidir AWD a leasú ach amháin trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

## B. Roghanna beartais

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Cuireadh deireadh le treoirlínte reatha a athbhreithniú agus le bearta sonracha a ghlacadh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) toisc gur measadh nach raibh na roghanna sin chomh héifeachtach céanna maidir le cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach.

Athbhreithniú a dhéanamh ar OEL an Aontais faoi AWD, roghnaíodh é mar an cur chuige is iomchuí. Rinneadh measúnú ar roinnt cásanna OEL agus measúnú eolaíoch Choiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán[10], an tuairim ó ACSH trípháirteach[11], agus na OELanna atá i bhfeidhm sna Ballstáit á gcur san áireamh. Leis an meastóireacht eolaíoch, cuirtear bonn fianaise láidir ar fáil, agus maidir le tuairim ACSH, lena gcuirtear saincheisteanna socheacnamaíocha agus indéantachta san áireamh freisin, cuirtear faisnéis thábhachtach ar fáil maidir leis an OEL athbhreithnithe a chur chun feidhme go rathúil.

Bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil, roghnaíodh OEL de 0.01 snáithín/$cm^3$ mar an rogha thosaíochta toisc gurb é sin an cás is fearr ó thaobh éifeachtachta, éifeachtúlachta agus comhleanúnachais de.

[10] *Tuairim maidir le meastóireacht eolaíoch ar theorainneacha nochta ceirde don Aispeist*.
[11] ACSH, *Tuairim maidir le Teorainnluach Nochta Ceirde Ceangailteach AE don Aispeist faoi Threoir 2009/148/CE maidir le hAispeist ag an Obair* (Doic. 008-21), a glacadh an 24.11.2021.

An rogha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha eile AWD de réir mar a d'iarr eagraíochtaí oibrithe agus mar a iarradh sa rún ó Pharlaimint na hEorpa, rinneadh í a mheas ach níor roghnaíodh í. An plé le ACSH trípháirteach, an anailís eolaíoch agus an comhairliúchán dhá chéim le comhpháirtithe sóisialta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, bhí siad dírithe ar an OEL a thabhairt cothrom le dáta mar ábhar práinne, seachas athbhreithniú níos cuimsithí a dhéanamh ar AWD, bunaithe ar thorthaí na meastóireachta *ex post* ar AWD[12]. Níl aon tionchar aige sin ar thoradh na measúnuithe a dhéanfar amach anseo ná ar na hathbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhorálacha eile AWD. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir leis na Ballstáit dul níos faide ná forálacha íosta AWD agus gurb iadsan atá freagrach as cur chun feidhme agus forfheidhmiú sonrach na bhforálacha náisiúnta lena dtrasuitear AWD. De réir mar is iomchuí, tabharfar aghaidh ar iarrataí sonracha ó eagraíochtaí oibrithe agus ó Pharlaimint na hEorpa le treoirlínte tiomnaithe. Chuirfeadh an Coimisiún na treoirlínte sin ar fáil tar éis ghlacadh AWD athbhreithnithe, chun tacú lena chur chun feidhme.

[12] SWD(2017) 10 final, 10.1.2017.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Mar chuid den chomhairliúchán foirmiúil dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta, thacaigh eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn araon leis an OEL faoi AWD a ísliú.

Tacaíonn an Grúpa Leasa Fostóirí agus an Grúpa Leasa Rialtais de chuid ACSH le OEL atá cothrom le 0.01 snáithín/$cm^3$, agus tá an Grúpa Leasa Oibrithe i bhfabhar OEL a ghlacadh atá cothrom le 0.001 snáithín/$cm^3$.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta?**

A bhuí leis an tionscnamh seo, d'fhéadfaí 663 chás ailse (ailse scamhóg, méisitéilióma, ailse laraingeach agus ailse ubhagáin) a sheachaint sna 40 bliain amach romhainn. Leis sin, laghdófar fulaingt na n-oibrithe agus a dteaghlach, agus méadófar fad, cáilíocht agus táirgiúlacht a saoil, i measc nithe eile. I dtéarmaí eacnamaíocha, tá an sochar sláinte sin cothrom le idir EUR 166 mhilliún agus EUR 323 mhilliún.

Má dhéantar obair bainte aispeiste níos sábháilte, méadófar tarraingteacht na hearnála. Mar thoradh ar fheabhas den sórt sin ar a n-íomhá phoiblí, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca do chuideachtaí foireann a earcú agus a choinneáil, rud lena laghdófar costas na hearcaíochta agus lena méadófar táirgiúlacht oibrithe.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta?**

Bheadh costais mhéadaithe ar chuideachtaí mar thoradh ar ghníomhaíocht chun na cleachtais oibre a choigeartú chun cloí leis an OEL nua. Áirítear orthu sin go príomha na costais a bhaineann le tuilleadh bearta bainistíochta riosca, tabhairt fógraí, faireachas leighis, faireachán agus oiliúint. Mar sin féin, bheadh meánchostais in aghaidh na cuideachta sna 40 bliain amach romhainn níos ísle ná EUR 15 000. Is dócha, den chuid is mó, go gcuirfear na costais sin ar aghaidh chuig custaiméirí.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Maidir le cuideachtaí beaga, arb ionann iad agus níos mó ná 99 % de chuideachtaí atá ag obair le haispeist i ngach earnáil, is dóichí go mbeidh imní orthu faoin OEL laghdaithe. D'fhéadfadh tionchar beag a bheith ag costais (cóimheas costais/láimhdeachais idir 2 agus 4 %) ar na hearnálacha a bhaineann le deisiú trealaimh leictrigh, deisiú agus cothabháil long agus bád, agus cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí (i.e. 0.02 % de na cuideachtaí uile a bhíonn ag déileáil le haispeist). Cé is moite de FBManna sna hearnálacha sin, ní bheidh tionchar ag na méaduithe costais is gá ar thromlach mór na FBManna.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

D'fhéadfadh sé go dtabhódh údaráis forfheidhmiúcháin costais bhreise riaracháin agus forfheidhmiúcháin. Mar sin féin, ní mheastar go mbeidh na costais sin suntasach (thart ar EUR 390 000 in aghaidh na tíre in aghaidh na bliana). Ba cheart go gcabhróidh an rogha a roghnaíodh le caillteanais airgeadais chórais slándála sóisialta agus chúraim shláinte na mBallstát a mhaolú tríd an drochshláinte a chosc. Tá na tairbhí measta d'údaráis phoiblí (EUR 3.4 milliún thar 40 bliain) níos lú ná na costais chainníochtaithe (thart ar EUR 421 milliún thar 40 bliain).

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Beidh tionchar dearfach ag an rogha thosaíochta ar chearta bunúsacha chomh maith, go háirithe maidir le hAirteagal 2 (An ceart chun beatha) agus Airteagal 31 (Dálaí oibre cothroma agus córa) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, cuideoidh sé leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) maidir le dea-shláinte agus folláine (SDG 3) agus obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch (SDG 8) a bhaint amach. Meastar freisin go mbeidh tionchar dearfach aige ar na SDGanna maidir le tionsclaíocht, nuálaíocht agus bonneagar (SDG 9) agus táirgeadh agus tomhaltas freagrach (SDG 12).

## D. Obair leantach

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Éifeachtacht an athbhreithnithe atá beartaithe ar AWD, dhéanfaí í a thomhas mar chuid den mheastóireacht ar Threoracha an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair faoi Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE.